Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**10635/25**

**EF 214**
**ECOFIN 856**
**DELACT 88**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 3104 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 18.6.2025 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/583 agus (AE) 2017/587 a mhéid a bhaineann le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltais astaíochtaí, agus ionstraimí cothromais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3104 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 3104 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.6.2025
C(2025) 3104 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.6.2025**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/583 agus (AE) 2017/587 a mhéid a bhaineann le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltais astaíochtaí, agus ionstraimí cothromais**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (MiFIR) rialaítear an chaoi a n-oibríonn an trádáil san Aontas. Tugadh isteach na leasuithe reachtacha is déanaí ar MiFIR le Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] (athbhreithniú ar MiFIR). Leis an athbhreithniú ar MiFIR, cuirtear deireadh leis na príomhbhacainní ar thrí theilitéip chomhdhlúite a chruthú, ceann amháin le haghaidh gach ceann de na cineálacha sócmhainní seo a leanas: bannaí, scaireanna agus cistí arna dtrádáil ar an malartán (ETFanna), agus díorthaigh thar an gcuntar. Leis an athbhreithniú ar MiFIR, feabhsaítear trédhearcacht agus méadaítear iomaíochas mhargaí an Aontais sa tírdhreach domhanda. Foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é an 8 Márta 2024 agus tháinig sé i bhfeidhm an 28 Márta 2024.

Leis an athbhreithniú ar MiFIR, ceanglaítear ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) caighdeáin theicniúla rialála (RTSanna) a fhorbairt chun cuid de shonraí teicniúla na rialacha nua a leagan síos. Cumhachtaítear don Choimisiún na dréacht-RTSanna sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

Leis an athbhreithniú ar MiFIR tugadh isteach leasuithe ar na ceanglais trédhearcachta is infheidhme maidir le hionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith ionstraimí cothromais agus neamhchothromais d’fhonn rialacha a shimpliú agus a chomhchuibhiú a thuilleadh, trédhearcacht trádála a mhéadú (go háirithe le haghaidh ionstraimí neamhchothromais, ar nós bannaí agus díorthaigh) agus feabhas a chur ar an bpróiseas praghasmhúnlaithe. Leis na rialacha leasaithe, dá réir sin, beidh na teilitéipeanna comhdhlúite ina n-uirlis níos luachmhaire d’infheisteoirí.

I bhfianaise rialacha leasaithe trédhearcachta MiFIR, is gá anois an caighdeán teicniúil rialála ábhartha a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583[4] ón gCoimisiún maidir le ceanglais trédhearcachta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha (SFPanna) agus lamháltais astaíochtaí agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587[5] ón

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj)

[2] Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, deireadh a chur leis na bacainní atá ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite, na ceanglais trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe (IO L, 2024/791, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/791/oj).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lgh. 84-119).

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 229).

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith scaireanna, admhálacha taisclainne, cistí arna

gCoimisiún maidir le ceanglais trédhearcachta i leith ionstraimí cothromais. Ar bhonn na hamlíne atá sa chumhachtú a leagtar síos in Airteagal 11a(3) de MiFIR, tabharfar isteach leasuithe breise ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún ag céim níos déanaí i ndáil le calabrú na rialacha trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála maidir le díorthaigh.

Go sonrach, is é is aidhm do leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún (trédhearcacht neamhchothromais) na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- na sainmhínithe a thabhairt cothrom le dáta;
- forálacha a thabhairt cothrom le dáta agus/nó a scriosadh chun ailíniú le forálacha athbhreithnithe MiFIR a tháinig i bhfeidhm cheana a áirithiú (mar shampla na ceanglais trédhearcachta réamhthrádála a theorannú do leabhair orduithe teorann lárnaí agus do chórais trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil agus, ina dhiaidh sin, an fhéidearthacht atá ag údaráis inniúla tarscaoileadh a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar oibreoirí margaidh agus ar ghnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de MiFIR a phoibliú maidir le tásca inghníomhaithe leasa i gcórais chun luachan a iarraidh agus i gcórais trádála ó bhéal atá níos mó ná méid atá sonrach don ionstraim airgeadais);
- ceanglais trédhearcachta réamhthrádála i leith bannaí, SFPanna agus lamhháltais astaíochtaí a thabhairt cothrom le dáta;
- ceanglais trédhearcachta iarthrádála a chalabrú le haghaidh bannaí, SFPanna agus lamhháltais astaíochtaí.

Is é is aidhm do leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún (trédhearcacht cothromais) na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- mionsonraí na sonraí réamhthrádála a shonrú a bheidh le poibliú ag oibreoirí margaidh agus ag gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu i leith scaireanna, admhálacha taisclainne, ETFanna, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais eile comhchosúla;
- an mhodheolaíocht a bheachtú chun an margadh is ábhartha a chinneadh i dtéarmaí leachtachta;
- ceanglais trédhearcachta réamhthrádála a shonrú d’inmheánaitheoirí córasacha;
- saintréithe na n-idirbheart a shonrú a thuilleadh nach rannchuidíonn leis an bpróiseas praghas-aimsithe, agus atá díolmhaithe dá bhrí sin ón oibleagáid trádála scaireanna;
- foráil a dhéanamh maidir le scor de bhailiú sonraí sa Chóras Trédhearcachta Ionstraimí Airgeadais agus i gCóras na Caidhpeála Dúbailte Méide agus maidir le húsáid sonraí idirbhirt, arna dtuairisciú faoi Airteagal 26 de MiFIR, mar an fhoinse sonraí chun ríomhanna trédhearcachta a dhéanamh le haghaidh ionstraimí cothromais;
- forálacha áirithe eile a thabhairt cothrom le dáta agus/nó a bheachtú a thuilleadh.

Déantar na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún agus ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún a chomhcheangal in aon Rialachán

---

dtrádáil ar an malartán, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile agus maidir le hoibleagáidí forghníomhúcháin idirbheart i ndáil le scaireanna áirithe ar ionad trádála nó ar inmheánaitheoir córasach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 387).

Tarmligthe amháin ón gCoimisiún, toisc go bhfuil gá leo uile chun córas trédhearcachta éifeachtach a bhaint amach agus chun teilitéipeanna comhdhlúite le haghaidh bannaí agus cothromais a bhunú go rathúil.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, sular cuireadh na RTSanna faoi bhráid an Choimisiúin, rinne ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte le geallsealbhóirí[6]. Chuaigh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí i gcomhairle freisin leis an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí, a d'fhoilsigh a Chomhairle don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí an 17 Meán Fómhair 2024[7]. I gcomhréir le hAirteagal 11 de MiFIR, chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí san áireamh comhairle an tsainghrúpa geallsealbhóirí maidir le cáilíocht sonraí margaidh cothromais agus neamhchothromais agus prótacail tarchurtha[8].

Rinne ESMA anailís costais is tairbhe, a áiríodh sa tuarascáil chríochnaitheach in éineacht le toradh na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin[9]. Sheol ESMA an tuarascáil chríochnaitheach maidir leis na RTSanna chuig an gCoimisiún i mí na Nollag 2024, i gcomhréir leis na sprioc-amanna a leagtar amach in MiFIR.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is aidhm don Rialachán Tarmligthe seo mionsonraí teicniúla an chórais nua MiFIR a bhaineann le ceanglais trédhearcachta le haghaidh bannaí, SFPanna, lamháltais astaíochtaí agus ionstraimí cothromais a shonrú.

1. Tugtar isteach le hAirteagal 1 na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a bhaineann le bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí;
2. Tugtar isteach le hAirteagal 2 na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 a bhaineann le hionstraimí cothromais;
3. Sainítear in Airteagal 3 teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

---

6 Tá na doiciméid chomhairliúcháin ar fáil anseo: Athbhreithniú ar RTS 2 maidir le trédhearcacht le haghaidh bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, dréacht-RTS ar bhonn réasúnta tráchtála agus athbhreithniú ar RTS 23 maidir le soláthar sonraí tagartha; Comhairle theicniúil (Roinn 3), RTS 1 (Roinn 4), caighdeán teicniúil rialála maidir le sonraí ionchuir/aschuir le haghaidh scaireanna agus ETFanna CTP (Roinn 8) agus na bratacha faoi RTS 2.

7 Tá an Chomhairle don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar fáil anseo: ESMA24-229244789-5138 comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí maidir le Pacáiste Comhairliúcháin MiFIR, mí na Bealtaine 2024.

8 Tá na Tuarascálacha Críochnaitheacha ar fáil anseo: Tuarascálacha ón sainghrúpa geallsealbhóirí maidir le cáilíocht sonraí margaidh cothromais agus neamhchothromais agus prótacail tarchurtha — an Coimisiún Eorpach

9 Tá Tuarascálacha Críochnaitheacha ESMA ar fáil anseo: Tuarascáil Chríochnaitheach maidir le trédhearcacht cothromais; Tuarascáil Chríochnaitheach ar an Athbhreithniú ar RTS 2 maidir le trédhearcacht le haghaidh bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí agus RTS ar bhonn réasúnta tráchtála.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.6.2025**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/583 agus (AE) 2017/587 a mhéid a bhaineann le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltais astaíochtaí, agus ionstraimí cothromais**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[10], agus go háirithe Airteagal 4(6), an tríú fomhír, Airteagal 7(2), an tríú fomhír, Airteagal 9(5), an tríú fomhír, Airteagal 11(4), an ceathrú fomhír, Airteagal 14(7), an tríú fomhír, Airteagal 20(3), an tríú fomhír, Airteagal 21(5), an tríú fomhír, Airteagal 22(3), an dara fomhír, agus Airteagal 23(3), an tríú fomhír, den Rialachán sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/1033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 trí shainmhíniú ar 'idirbhearta pacáiste' a thabhairt isteach in Airteagal 2 den Rialachán sin. Ós rud é nár cheart sainmhínithe atá leagtha síos cheana i ngníomhartha reachtacha a bheith i rialacháin tharmligthe, fágann sé gur cheart an sainmhíniú céanna ar 'idirbhearta pacáiste', mar a leagtar síos faoi láthair in Airteagal 1, pointe (1), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583[12] ón gCoimisiún, a bhaint den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 tríd an gceanglas luachana daingne nó táscacha a

[10] IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj.

[11] Rialachán (AE) 2016/1033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2016 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 maidir le drochúsáid mhargaidh agus Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús (IO L 175, 30.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1033/oj).

[12] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 229, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/583/oj).

[13] Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, deireadh a chur leis na bacainní atá ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite, na ceanglais trádála

fhoilsiú i leith ionstraimí neamhchothromais a theorannú do leabhair orduithe teorann lárnaí agus do chórais trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil. Dá thoradh sin, scriosadh le Rialachán (AE) 2024/791 freisin Airteagal 9(5), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, lenar cumhachtaíodh don Choimisiún, *inter alia*, sainmhíniú a leagan síos ar 'luachan a iarraidh' agus 'córais trádála ó bhéal' chun nochtadh réamhthrádála a tharscaoileadh. Dá bhrí sin, ba cheart na sainmhínithe sin a bhaint d'Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583. Is gá freisin córais bunaithe ar luachana, córais chun luachan a iarraidh agus córais trádála ó bhéal a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583.

(3) Le Rialachán (AE) 2024/791 leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 trí phointe nua (f) a chur isteach in Airteagal 9(5) den Rialachán sin. De bhun na forála sin, cumhachtaítear don Choimisiún saintréithe na 'leabhar orduithe teorann lárnaí' (CLOBanna) agus na 'gcóras trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil' a shonrú. Dá bhrí sin, is gá sainmhínithe chuige sin a thabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583. Maidir le córas trádála a oibrítear trí leabhar orduithe nach n-áirítear ann ach luachana ó chruthaitheoirí margaidh, agus algartam trádála lena meaitseáiltear orduithe ceannaigh agus díola isteach le luachana ar feitheamh ó chruthaitheoirí margaidh gan idirghabháil dhaonnúil ar bhonn an phraghais is fearr atá ar fáil ar bhonn leanúnach, ba cheart é a mheas mar chóras trádála leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach. Maidir le córas trádála a oibrítear trí bhíthin leabhar orduithe, ina ndeimhnítear luachana na soláthraithe leachtachta sula bhféadfaí ordú isteach a fhorghníomhú, agus algartam trádála lena meaitseáiltear orduithe isteach ceannaigh agus díola le luachana deimhnithe na soláthraithe leachtachta gan idirghabháil dhaonnúil ar bhonn an phraghais is fearr atá ar fáil ar bhonn leanúnach, ba cheart é a mheas freisin mar chóras trádála leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach. I gcás ina gcomhcheanglaítear le córas trádála CLOB gnéithe de chóras trádála leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach agus de chóras trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil, ba cheart comhpháirt an leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach agus an chomhpháirt maidir le ceant tréimhsiúil an chórais trádála CLOB a bheith faoi réir na gceanglas faisnéise a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 maidir le córais trádála leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach agus córais trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil faoi seach.

(4) Sonraítear in Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, a mhéid a bhaineann le forálacha na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin de réir mar is infheidhme roimh an 28 Márta 2024, go leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu go dtí dáta chur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin de réir mar is infheidhme ón 28 Márta. San fhógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme na forála idirthréimhsí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2024/791[14], shoiléirigh an Coimisiún go bhfuil sé d'aidhm ag Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 leanúnachas a áirithiú do rannpháirtithe sa mhargadh agus rialacháin tharmligthe nua ón gCoimisiún á n-ullmhú. Chun an leanúnachas sin a áirithiú sa chleachtas, ba cheart Airteagal 1a nua a thabhairt

a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe (IO L, 2024/791, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/791/oj).

14 Fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme na forála idirthréimhsí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, bacainní ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite a bhaint, na hoibleagáidí trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe, C/2024/2966.

isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 chun a shonrú cé na hAirteagail den Rialachán Tarmligthe nár cheart feidhm a bheith acu a thuilleadh ach amháin maidir le díorthaigh. Ba cheart na hAirteagail sin a leanúint d'fheidhm a bheith acu in éineacht leis na forálacha i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a fhorlíontar leo, de réir mar is infheidhme roimh an 28 Márta 2024. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú freisin gur cheart tagairtí d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 atá sna hAirteagail sin a fhorléiriú mar thagairtí d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, de réir mar is infheidhme roimh an 28 Márta 2024.

(5) De bhun Airteagal 9(5), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, cumhachtaítear don Choimisiún méid na n-orduithe atá mór i gcomparáid le gnáthmhéid an mhargaidh a shonrú. Le hAirteagal 9(1), pointe (a), den Rialachán sin, cuirtear ar a gcumas d'údaráis inniúla an oibleagáid atá ar oibreoirí margaidh agus ar ghnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(1) den Rialachán sin a phoibliú a tharscaoileadh i leith orduithe den sórt sin. Shonraigh an Coimisiún méid na n-orduithe atá ar scála mór in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583. Le Rialachán (AE) 2024/791, áfach, leasaíodh Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun foráil a dhéanamh maidir le ceanglais shonracha trédhearcachta réamhthrádála le haghaidh ionaid trádála i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, agus tugadh isteach Airteagal 8a nua sa Rialachán sin chun foráil a dhéanamh maidir le ceanglais shonracha trédhearcachta réamhthrádála le haghaidh ionaid trádála i leith díorthach. Leanann sé ón leasú sin go mbeidh an cinneadh i dtaobh an bhfuil ordú ar scála mór, dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, éagsúil, ar thaobh amháin, le haghaidh bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, agus, ar an taobh eile, le haghaidh díorthach. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 3a nua a thabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 chun foráil a dhéanamh maidir le rialacha sonracha i ndáil le 'orduithe atá ar scála mór' a chinneadh le haghaidh bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí. Chun córas trédhearcachta réamhthrádála níos cobhsaí a bhaint amach, ba cheart na rialacha sin a bheith ag brath ar chinneadh ar bhonn seasta maidir le 'orduithe atá ar scála mór'.

(6) Chun foráil a dhéanamh maidir leis an trédhearcacht réamhthrádála i leith ionstraimí neamhchothromais a theorannú do CLOBanna agus do chórais trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil, scriosadh Rialachán (AE) 2024/791 ó Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, Airteagal 9(1), pointe (b). Leis an bpointe sin, cuireadh ar a gcumas d'údaráis inniúla tarscaoileadh a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar oibreoirí margaidh agus ar ghnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(1) den Rialachán sin a phoibliú maidir le léirithe leasa inghníomhaithe i gcórais chun luachan a iarraidh agus i gcórais trádála ó bhéal atá níos mó ná méid atá sonrach don ionstraim airgeadais. De bhun Airteagal 9(5), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, cumhachtaítear don Choimisiún an méid atá sonrach do na hionstraimí airgeadais sin a shonrú a bhféadfar nochtadh réamhthrádála a tharscaoileadh ina leith, rud a rinne an Coimisiún in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583. Ós rud é gur scriosadh Airteagal 9(1), pointe (b), agus an cumhachtú a leagtar síos in Airteagal 9(5), pointe (d), le Rialachán (AE) 2024/791 ó Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, fágann sé sin gur cheart Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a scriosadh freisin. Is gá freisin gach tagairt d'Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a scriosadh ó fhorálacha eile den Rialachán sin.

(7) De bhun Airteagal 9(5), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, cumhachtaítear don Choimisiún na hionstraimí airgeadais nó na cineálacha ionstraimí airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith a shonrú i gcás ina bhféadfar nochtadh réamhthrádála a tharscaoileadh faoi Airteagal 9(1) den Rialachán sin. Le hAirteagal 9(1), pointe (c), den Rialachán sin, cuirtear ar a gcumas d'údaráis inniúla an oibleagáid atá ar oibreoirí margaidh agus ar ghnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(1) den Rialachán sin a phoibliú a tharscaoileadh i leith ionstraimí nó cineálacha ionstraimí airgeadais den sórt sin. Shonraigh an Coimisiún na cineálacha ionstraimí airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583. Le Rialachán (AE) 2024/791, áfach, leasaíodh Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun foráil a dhéanamh maidir le ceanglais shonracha trédhearcachta réamhthrádála le haghaidh ionaid trádála i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, agus tugadh isteach Airteagal 8a nua sa Rialachán sin chun foráil a dhéanamh maidir le ceanglais shonracha trédhearcachta réamhthrádála le haghaidh ionaid trádála i leith díorthach. Leanann sé ó na leasuithe sin go mbeidh an cinneadh i dtaobh an ann do mhargadh leachtach, dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, éagsúil, ar thaobh amháin, maidir le bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, agus, ar an taobh eile, maidir le díorthaigh. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 6a nua a thabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 chun foráil a dhéanamh maidir le rialacha sonracha i ndáil lena chinneadh an ann do 'mhargadh leachtach' le haghaidh bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí. Chun córas trédhearcachta níos cobhsaí a bhaint amach, ba cheart na rialacha sin a bheith ag brath ar chinneadh ar bhonn seasta maidir le leachtacht.

(8) Le Rialachán (AE) 2024/791, tugadh isteach in Airteagal 2(1), pointe (16a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 an sainmhíniú ar 'eintiteas foilsitheoireachta ainmnithe', agus cuireadh isteach sa Rialachán sin Airteagal 21a nua, lena gceadaítear do ghnólacht infheistíochta ar eintiteas foilsitheoireachta ainmnithe é a bheith freagrach as idirbheart a phoibliú trí shocrú formheasta maidir le foilsiú ('APA'). Sonraítear leis an Airteagal 21a nua sin freisin cén páirtí in idirbheart ba cheart a bheith freagrach as idirbheart a phoibliú i gcás inar eintitis foilsitheoireachta ainmnithe ceann amháin, ceachtar acu nó an dá cheann de na páirtithe lena mbaineann. Dá bhrí sin, na ceanglais a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 arb é is aidhm dóibh an gnólacht infheistíochta atá freagrach as idirbheart a phoibliú trí APA a shainaithint, ba cheart iad a scriosadh.

(9) Le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, cuireadh ar a gcumas d'údaráis inniúla údarú a thabhairt d'oibreoirí margaidh agus do ghnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu foráil a dhéanamh maidir le foilsiú iarchurtha mionsonraí idirbheart bunaithe ar mhéid an idirbhirt nó ar chineál an idirbhirt. De bhun Airteagal 11(4), pointe (c), den Rialachán sin, cumhachtaítear don Choimisiún na coinníollacha maidir le foilsiú iarchurtha den sórt sin a shonrú, rud a rinne an Coimisiún in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583. Le Rialachán (AE) 2024/791, áfach, leasaíodh Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 trí fhoráil a dhéanamh maidir le ceanglais shonracha i ndáil le foilsiú iarchurtha i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, agus lamháltais astaíochtaí, agus tugadh isteach Airteagal 11a nua sa Rialachán sin ina bhfuil ceanglais shonracha maidir le foilsiú iarchurtha i leith díorthach. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 8a nua a thabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 chun mionsonraí beachta an chórais maidir le foilsiú iarchurtha i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, agus lamháltais

astaíochtaí a chinneadh, lena n-áirítear na méideanna eisiúna a chinneadh a chomhfhreagraíonn do mhargadh leachtach nó neamhleachtach in ionstraim airgeadais ar leith, cad is idirbheart meánmhéide, mórmhéide agus an-mhór ann, agus fad na n-iarchur.

(10) Chun a áirithiú go mbeidh an córas iarchurtha le haghaidh bannaí simplí agus calabraithe go maith, is gá idirdhealú a dhéanamh idir trí chatagóir bannaí: (i) bannaí ceannasacha agus bannaí poiblí eile; (ii) bannaí corparáideacha, in-chomhshóite agus eile; agus (iii) bannaí faoi chumhdach. Chun gur féidir idirdhealú níos fearr a dhéanamh idir bannaí leachtacha agus bannaí neamhleachtacha agus, dá bhrí sin, calabrú níos éifeachtúla a dhéanamh, ba cheart bannaí a ghrúpáil a thuilleadh le haghaidh gach catagóire bannaí.

(11) De réir an tsainmhínithe ar mhargadh leachtach a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (17)(a)(i), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, ba cheart margadh leachtach a mheasúnú de réir méid eisiúna banna. Chun freastal ar athruithe féideartha ar mhéid eisiúna banna le himeacht ama, lena n-áirítear mar gheall ar eisiúintí agaithe bannaí nó aischeannach bannaí, is gá measúnú a dhéanamh ar mhargadh leachtach ar bhonn mhéid na heisiúna bannaí gan íoc (is é sin, luach iomlán na mbannaí a eisíodh agus atá i seilbh infheisteoirí ag tráth ar leith), seachas méid eisiúna tosaigh an bhanna (is é sin, luach iomlán na mbannaí a thairgtear d’infheisteoirí sa bhunmhargadh tráth na heisiúna).

(12) Chun córas trédhearcachta níos simplí a thabhairt isteach nach bhfuil ag brath ar mheasúnuithe leachtachta tráthrialta, ba cheart na forálacha is infheidhme maidir le táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a leasú. Ar bhonn anailís sonraí arna déanamh ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (‘ESMA’), agus ag tógáil ar thaithí ESMA roimhe seo maidir le ceanglais trédhearcachta a chalabrú, ba cheart a mheas nach bhfuil margadh leachtach ag táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí atá éagsúil le lamháltais astaíochtaí an Aontais, agus ba cheart a mheas go bhfuil margadh leachtach ag lamháltais astaíochtaí an Aontais. Maidir le táirgí airgeadais struchtúrtha, ba cheart na tairseacha trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála atá ann cheana agus an fad iarchurtha praghsanna atá ann cheana le haghaidh táirgí airgeadais struchtúrtha neamhleachtacha, mar a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583, a choinneáil ar bun. Mar sin féin, i bhfianaise neamhleachtacht táirgí airgeadais struchtúrtha, agus ós rud é nach gceadaítear a thuilleadh le Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 d’údaráis inniúla foráil a dhéanamh maidir le tréimhse iarchurtha fhorlíonta le haghaidh na n-ionstraimí sin, ba cheart fad caighdeánach iarchurtha méideanna suas le 2 sheachtain tar éis dháta an idirbhirt a thabhairt isteach. Maidir le lamháltais astaíochtaí, ba cheart tairseacha trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála a shocrú i dtonaí CO2 (tCO2) seachas i luchtóga, ós rud é gurb é tCO2 an t-aonad coiteann tomhais le haghaidh na n-ionstraimí sin. Ar bhonn anailís sonraí arna déanamh ag ESMA, agus cineál leachtach lamháltais astaíochtaí an Aontais á chur san áireamh, níor cheart an uastréimhse iarchurtha le haghaidh lamháltais astaíochtaí an Aontais a bheith níos faide ná 19:00 am áitiúil ar an dara lá oibre tar éis dháta an idirbhirt.

(13) Ar bhonn anailís sonraí arna déanamh ag ESMA, ba cheart a mheas nach bhfuil margadh leachtach ag na tráchtearraí uile arna dtrádáil ar an stocmhalartán (‘ETCanna’) agus ag na nótaí uile arna dtrádáil ar an malartán (‘ETNanna’). I gcomhréir leis an gcur chuige a ghlactar le haghaidh táirgí airgeadais struchtúrtha, ba

cheart fad caighdeánach iarchurtha méid suas le 2 sheachtain tar éis dháta an idirbhirt a thabhairt isteach freisin le haghaidh ETCanna agus ETNanna.

(14) Le Rialachán (AE) 2024/791, tugadh isteach leasuithe ar an bhféidearthacht atá ag údaráis inniúla an córas iarchurtha a fhorlíonadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. Ar an gcéad dul síos, bhí an fhéidearthacht sin teoranta d'ionstraimí fiachais cheannasaigh. Ar an dara dul síos, bhí cumhacht údaráis inniúil síneadh a chur le tréimhse an fhoilsithe iarchurtha teoranta d'idirbhearta a fhorghníomhaítear i leith na n-ionstraimí fiachais cheannasaigh arna n-eisiúint ag Ballstát an údaráis inniúil sin. Maidir le hionstraimí fiachais cheannasaigh nár eisigh Ballstát, cumhachtaítear do ESMA síneadh a chur le tréimhse an fhoilsithe iarchurtha. Ar an tríú dul síos, bhí teorainn 6 mhí le huastréimhse na n-iarchur forlíontach. Féadfaidh na húdaráis inniúla fad iarchurtha níos ísle a shocrú laistigh den teorainn sin. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a leasú chun na hathruithe sin a léiriú.

(15) Maidir le foilsiú mionsonraí roinnt idirbheart i bhfoirm chomhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 11(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, ba cheart an mhodheolaíocht chomhiomlánaithe a fhágáil gan athrú. Dá bhrí sin, ba cheart do na hionaid trádála agus APAnna faoi seach idirbhearta a bhaineann tairbhe as iarchur sínte a chomhiomlánú le linn seachtain féilire amháin agus ba cheart iad a fhoilsiú an Mháirt dár gcionn roimh 9:00 am áitiúil.

(16) Chun a ndóthain ama a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh ullmhú do na ceanglais nua, agus bunú tráthúil na teilitéipe comhdhlúite bannaí á áirithiú, ba cheart dáta chur i bhfeidhm na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a leagtar amach sa Rialachán seo a chur siar.

(17) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a leasú dá réir sin.

(18) Chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe na gceanglas trédhearcachta réamhthrádála i leith ionstraimí cothromais a áirithiú, agus i bhfianaise mhionshonraí na sonraí réamhthrádála a cheanglaítear ar ionaid trádála a sholáthar don soláthraí teilitéipe comhdhlúite cothromais faoi Airteagal 22a de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587[15] ón gCoimisiún a leasú chun mionsonraí na sonraí réamhthrádála atá le poibliú ag oibreoirí margaidh agus ag gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu le haghaidh gach cineáil ionstraime airgeadais a shonrú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

(19) Is éard is orduithe cnoic oighir ann orduithe ina bhfuil méid ar taispeáint (binn) atá ar fáil lena fhorghníomhú a bhaineann le cuid de chainníocht agus méid folaithe a bhaineann leis an gcuid eile den chainníocht, a choimeádtar sa tsaoráid bainistithe orduithe nach féidir a fhorghníomhú ach amháin tar éis an t-ordú nochta a fhorghníomhú. Chun freastal ar an bhféidearthacht an chuid fholaithe d'orduithe cnoic oighir a fhorghníomhú in imthosca atá sainmhínithe go cúng, ba cheart Airteagal 8 de

---

15 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith scaireanna, admhálacha taisclainne, cistí arna dtrádáil ar an malartán, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile agus maidir le hoibleagáidí forghníomhúcháin idirbheart i ndáil le scaireanna áirithe ar ionad trádála nó ar inmheánaitheoir córasach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 387, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/587/oj).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 maidir le tarscaoileadh na saoráide bainistithe orduithe a leasú.

(20) Le Rialachán (AE) 2024/791, tugadh isteach in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 sainmhíniú ar 'eintiteas foilsitheoireachta ainmnithe', agus cuireadh isteach sa Rialachán sin Airteagal 21a nua, lena gceadaítear do ghnólacht infheistíochta ar eintiteas foilsitheoireachta ainmnithe é a bheith freagrach as idirbheart a phoibliú trí APA. Sonraítear leis an Airteagal 21a nua sin freisin cén páirtí in idirbheart ba cheart a bheith freagrach as idirbheart a phoibliú i gcás inar eintitis foilsitheoireachta ainmnithe ceann amháin, ceachtar acu nó an dá cheann de na páirtithe lena mbaineann. Dá bhrí sin, na ceanglais a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 arb é is aidhm dóibh an gnólacht infheistíochta atá freagrach as idirbheart a phoibliú trí APA a shainaithint, ba cheart iad a scriosadh.

(21) Chun calabrú cuí na dtairseach a áirithiú chun ceanglais trédhearcachta cothromais réamhthrádála a chur i bhfeidhm maidir le hinmheánaitheoirí córasacha, ba cheart beachtú a dhéanamh ar an modheolaíocht chun méid caighdeánach an mhargaidh a leagtar amach in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 a chinneadh trí ghráinneacht na mbuicéad meánmhéide trádála a mhéadú. Ba cheart an tairseach chun an t-íosmhéid luachana a chinneadh d'inmheánaitheoirí córasacha a bheith ag comhfhreagairt do mhéid caighdeánach an mhargaidh. Agus na cleachtais idirnáisiúnta is fearr, iomaíochas ghnólachtaí an Aontais, tábhacht an tionchair ar an margadh, agus éifeachtúlacht praghasmhúnlaithe á gcur san áireamh, ba cheart an tairseach chun an méid a chinneadh ar suas leis an méid sin a bheidh feidhm ag oibleagáidí trédhearcachta cothromais réamhthrádála maidir le hinmheánaitheoirí córasacha a bheith ag comhfhreagairt do dhá oiread mhéid caighdeánach an mhargaidh.

(22) Chun léiriú cruinn ar ghníomhaíocht an mhargaidh agus praghasmhúnlú i dtrédhearcacht iarthrádála cothromais a áirithiú, is gá Airteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 a leasú chun raon feidhme na n-idirbheart nach gcuireann le praghas-aimsiú a chinneadh agus a shoiléiriú, lena n-áirítear idirbhearta 'tarscaoilte'. Is trádálacha teicniúla iad na hidirbhearta sin a dhéantar go príomha chun críoch oibríochtúil nó chun bainistiú riosca idir gnólachtaí infheistíochta a éascú, agus dá bhrí sin ní teagmhais neamhspleácha iad maidir le praghsanna a shocrú. Ar an gcúis sin, ba cheart iad a eisiamh ó cheanglais trédhearcachta iarthrádála.

(23) Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 na cineálacha córas trádála agus, i gcás gach córais, tuairisc ar a phríomhghnéithe agus ar an bhfaisnéis atá le poibliú i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. Ba cheart an Iarscríbhinn sin a mhodhnú chun a shonrú maidir le córais trádála a oibrítear trí bhíthin leabhar orduithe nach n-áirítear iontu ach luachana ó chruthaitheoirí margaidh agus algartam trádála a oibrítear gan idirghabháil dhaonnúil lena meaitseáiltear orduithe isteach ceannaigh agus díola le luachana ó chruthaitheoirí margaidh atá ar feitheamh ar bhonn an phraghais is fearr atá ar fáil ar bhonn leanúnach, gur cheart iad a mheas mar chórais trádála leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach. Maidir le córais trádála a oibrítear trí bhíthin leabhar orduithe, ina ndeimhnítear luachana na soláthraithe leachtachta sula bhféadfaí ordú isteach a fhorghníomhú, agus algartam trádála lena meaitseáiltear orduithe isteach ceannaigh agus díola le luachana deimhnithe na soláthraithe leachtachta gan idirghabháil dhaonnúil ar bhonn an phraghais is fearr atá ar fáil ar bhonn leanúnach, ba cheart iad a mheas freisin mar chórais trádála leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach.

(24) Chun a ndóthain ama a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh agus d'údaráis inniúla na ceanglais nua a ullmhú agus, an tráth céanna, bunú tráthúil na teilitéipe comhdhlúite cothromais a áirithiú, maidir le dáta chur i bhfeidhm na bhforálacha sa Rialachán seo a bhaineann leis na mionsonraí trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála atá le poibliú i ndáil le hionstraimí cothromais, le cinneadh an mhargaidh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta le haghaidh ionstraimí cothromais, le horduithe i leith ionstraimí cothromais atá ar scála mór, agus leis an modheolaíocht maidir le ríomhanna trédhearcachta le haghaidh ionstraimí cothromais, ba cheart an dáta sin a chur siar.

(25) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 a leasú dá réir sin.

(26) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin atá an Rialachán seo bunaithe. Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16]. Rinne ESMA breithniú freisin ar chomhairle an tsainghrúpa páirtithe leasmhara maidir le cáilíocht sonraí margaidh cothromais agus neamhchothromais agus prótacail tarchurtha i gcomhréir le hAirteagal 22b(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

(27) Chun córas trédhearcachta éifeachtach agus bunú rathúil na dteilitéipeanna comhdhlúite le haghaidh bannaí agus cothromais a áirithiú, agus ós rud é go mbaineann forálacha uile an Rialacháin seo le trédhearcacht réamhthrádála agus iarthrádála, is gá na leasuithe ar Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/583 agus (AE) 2017/587 atá le glacadh faoi Airteagal 4(6), Airteagal 7(2), Airteagal 9(5), Airteagal 11(4), Airteagal 14(7), Airteagal 20(3), Airteagal 21(5), Airteagail 22(3) agus Airteagal 23(3), faoi seach, de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a áireamh in aon Rialachán amháin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*
**Sainmhínithe**

(Airteagal 9(5), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'córas trádála leabhair orduithe teorann lárnaí' aon cheann díobh seo a leanas:

16 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

(a) córas trádála leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach lena meaitseáiltear, trí bhíthin leabhar orduithe agus algartam trádála a oibrítear gan idirghabháil dhaonnúil, orduithe díola le horduithe ceannaigh ar bhonn an phraghais is fearr atá ar fáil ar bhonn leanúnach;

(b) córas trádála lena gcomhcheanglaítear gnéithe de chóras trádála leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach, dá dtagraítear i bpointe (a), agus de chóras trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil, mar a shainmhínítear i bpointe (2).

(2) ciallaíonn 'córas trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil' córas trádála lena meaitseáiltear orduithe ar bhonn ceant tréimhsiúil agus algartam trádála a oibrítear gan idirghabháil dhaonna.';

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 1a seo a leanas:

'*Airteagal 1a*

**Raon feidhme Airteagail 3, 6, 8, 9, 10, 11 agus 13**

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3, 6, 9, 10, 11 agus 13 ach amháin maidir le díorthaigh. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 8 ach amháin maidir le díorthaigh agus idirbhearta pacáiste.

2. Déanfar tagairtí d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 atá in Airteagail 8 agus 11 den Rialachán seo a fhorléiriú mar thagairtí d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 de réir mar is infheidhme roimh an 28 Márta 2024.';

(3) cuirtear an tAirteagal 3a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 3a*

**Orduithe atá ar scála mór le haghaidh bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí**

(Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

Beidh ordú i mbannaí, i dtáirgí airgeadais struchtúrtha nó i lamháltais astaíochtaí ina ordú mór i gcomparáid le gnáthmhéid an mhargaidh más rud é, tráth theacht isteach an ordaithe nó tar éis aon leasú a dhéanamh ar an ordú, go bhfuil an t-ordú sin cothrom leis na tairseacha seo a leanas nó níos mó ná iad:

(a) maidir le gach cineál banna, cé is moite de Thráchtearraí arna dtrádáil ar an Stocmhalartán ('ETCanna') agus Nótaí arna dTrádáil ar an Malartán ('ETNanna'), na tairseacha a leagtar amach i dTábla 2.3 d'Iarscríbhinn III;

(b) maidir le ETCanna agus ETNanna, na tairseacha a leagtar amach i dTábla 2.5 d'Iarscríbhinn III;

(c) maidir le táirgí airgeadais struchtúrtha, na tairseacha a leagtar amach i dTábla 3.2 d'Iarscríbhinn III;

(d) maidir le lamháltais astaíochtaí, na tairseacha a leagtar amach i dTábla 12.2 d'Iarscríbhinn III.';

(4) Scriostar Airteagal 5;

(5) cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 6a*

**Na cineálacha bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltas astaíochtaí nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith**

(Airteagal 9(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

Chun a chinneadh an measfar nach bhfuil margadh leachtach ag banna, táirge airgeadais struchtúrtha nó lamháltas astaíochtaí, cuirfidh na húdaráis inniúla an cinneadh leachtachta ar bhonn seasta seo a leanas i bhfeidhm:

(a) maidir le gach cineál banna, seachas ETCanna agus ETNanna, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 2.2 d'Iarscríbhinn III;

(b) maidir le ETCanna agus ETNanna, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 2.4 d'Iarscríbhinn III;

(c) maidir le táirgí airgeadais struchtúrtha, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 3.1 d'Iarscríbhinn III;

(d) maidir le lamháltais astaíochtaí, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 12.1 d'Iarscríbhinn III.';

(6) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Poibleofar ainmneacha na réimsí a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II trí úsáid a bhaint as na gnásanna ainmniúcháin céanna a leagtar amach in aitheantóir réimse an tábla sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Cuirfear faisnéis iarthrádála ar fáil chomh gar don fhíor-am agus is féidir go teicniúil agus in aon chás laistigh de 5 nóiméad tar éis fhorghníomhú an idirbhirt ábhartha.';

(c) scriostar míreanna 5 agus 6;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Áireofar san fhaisnéis a bhaineann le hidirbheart pacáiste bratach an idirbhirt pacáiste nó an malartú ar bhratach an idirbhirt fhisicigh mar a shonraítear i dTábla 3 d'Iarscríbhinn II. I gcás ina mbeidh idirbheart pacáiste incháilithe d'fhoilsiú iarchurtha de bhun Airteagal 8, cuirfear faisnéis maidir le gach comhpháirt ar fáil tar éis don tréimhse iarchurtha le haghaidh an idirbhirt dul i léig.';

(7) cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 8a*

**Foilsiú iarchurtha idirbheart le haghaidh bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí**

(Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

1. Féadfaidh oibreoirí margaidh agus gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu agus gnólachtaí infheistíochta a thrádálann lasmuigh d'ionad trádála foilsiú mionsonraí idirbheart maidir le bannaí, seachas ETCanna agus ETNanna, a chur siar i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) iarchur praghais agus iarchur méid nach faide ná 15 nóiméad, le haghaidh idirbhearta i gcatagóir 1 dá dtagraítear i dTábla 2.6 d'Iarscríbhinn III;

(b) iarchur praghais agus iarchur méid nach faide ná deireadh an lae trádála, le haghaidh idirbhearta i gcatagóir 2 dá dtagraítear i dTábla 2.6 d'Iarscríbhinn III;

(c) iarchur praghais nach faide ná deireadh an chéad lae trádála tar éis dháta an idirbhirt agus iarchur méid nach faide ná seachtain amháin tar éis dháta an idirbhirt, le haghaidh idirbhearta i gcatagóir 3 dá dtagraítear i dTábla 2.6 d'Iarscríbhinn III;

(d) iarchur praghais nach faide ná deireadh an dara lá trádála tar éis dháta an idirbhirt agus iarchur méid nach faide ná dhá sheachtain tar éis dháta an idirbhirt, le haghaidh idirbhearta i gcatagóir 4 dá dtagraítear i dTábla 2.6 d'Iarscríbhinn III;

(e) iarchur praghais agus iarchur méid nach faide ná 4 seachtaine tar éis dháta an idirbhirt, le haghaidh idirbhearta i gcatagóir 5 dá dtagraítear i dTábla 2.6 d'Iarscríbhinn III.

2. Féadfaidh oibreoirí margaidh agus gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu agus gnólachtaí infheistíochta a thrádálann lasmuigh d'ionad trádála foilsiú mionsonraí idirbheart i leith ETCanna, ETNanna agus táirgí airgeadais struchtúrtha a chur siar i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) iarchur praghais nach faide ná deireadh an dara lá trádála tar éis dháta an idirbhirt, le haghaidh idirbheart de mhéid ar bith; agus

(b) iarchur méid nach faide ná 2 sheachtain tar éis dháta an idirbhirt, le haghaidh idirbhearta de mhéid ar bith.

3. Oibreoirí margaidh agus gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu agus gnólachtaí infheistíochta a thrádálann lasmuigh d'ionad trádála, poibleoidh siad gach idirbheart i leith lamháltais astaíochtaí tráth nach déanaí ná 19:00 am áitiúil ar an dara lá oibre tar éis dháta an idirbhirt, ar choinníoll go bhfuil an t-idirbheart os cionn mhéid iarthrádála na lamháltas astaíochtaí dá dtagraítear i dTábla 12.2 d'Iarscríbhinn III.';

(8) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 1, scriostar pointe (d);

(b) i mír 2, scriostar pointí (b) agus (c);

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Sna sonraí comhiomlánaithe laethúla nó seachtainiúla dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh an fhaisnéis seo a leanas maidir le díorthaigh i ndáil le gach lá nó seachtain den tréimhse féilire lena mbaineann:

(a) an meánphraghas ualaithe;

(b) an méid iomlán arna thrádáil dá dtagraítear i dTábla 4 d'Iarscríbhinn II;

(c) an líon iomlán idirbheart.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcás nach lá oibre é lá na seachtaine do na foilseacháin a leagtar amach i mír 1, pointe (c), agus i míreanna 2 agus 3, déanfar na foilseacháin an lá oibre dár gcionn roimh 09:00 am áitiúil.’;

(9) cuirtear an tAirteagal 11a seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 11a*

**Ceanglais trédhearcachta maidir le hionstraimí fiachais cheannasaigh i gcomhar le foilsiú iarchurtha de rogha na n-údarás inniúil**

(Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

1. Le foilsiú na mionsonraí maidir le roinnt idirbheart i bhfoirm chomhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 11(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, cumhdófar idirbhearta a rinneadh le linn seachtain féilire amháin agus déanfar é an Mháirt dár gcionn roimh 9:00 am áitiúil.

2. Sna sonraí seachtainiúla comhiomlánaithe dá dtagraítear i mír 1, beidh an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le gach seachtain den tréimhse féilire lena mbaineann:

(a) an meánphraghas ualaithe;

(b) an méid iomlán arna thrádáil dá dtagraítear i dTábla 4 d’Iarscríbhinn II;

(c) an líon iomlán idirbheart.

3. Déanfar idirbhearta a chomhiomlánú in aghaidh an chóid ISIN.

4. I gcás nach lá oibre é lá na seachtaine do na foilseacháin a leagtar amach i mír 1, déanfar na foilseacháin an lá oibre dár gcionn roimh 9:00 am áitiúil.’;

(10) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iv):

‘(iv) na fochineálacha sócmhainní de dhíorthaigh ráta úis eile, díorthaigh tráchtearraí eile, díorthaigh chreidmheasa eile, díorthaigh C10 eile, conarthaí difríochta eile (CFDanna), agus díorthaigh lamháltas astaíochtaí eile dá dtagraítear i dTáblaí 5.1, 7.1, 9.1, 10.1, 11.1 agus 13.1 d’Iarscríbhinn III.’;

(ii) i bpointe (b), scriostar pointí (i), (ii) agus (ix);

(iii) scriostar pointe (d);

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘Chun na horduithe atá ar scála mór a chinneadh i gcomparáid leis an ngnáthmhéid margaidh dá dtagraítear in Airteagal 3, cuirfear na modheolaíochtaí seo a leanas i bhfeidhm:’;

(ii) leasaítear pointe (a) mar a leanas:

(1) scriostar pointe (i);

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (vi):

‘(vi) gach fochineál sócmhainní a mheastar nach bhfuil margadh leachtach aici le haghaidh cineálacha sócmhainní

díorthach lamháltas astaíochtaí dá dtagraítear i dTábla 13.3 d'Iarscríbhinn III;';

(3) scriostar pointí (vii) agus (viii);

(iii) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'an méid is airde de mhéid na trádála ar faoina bun atá céatadán na n-idirbheart a chomhfhreagraíonn don pheircintíl trádála agus an t-íosráta tairsí maidir leis an méid seo a leanas:';

(2) scriostar pointe (i);

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

'(iii) gach fochineál sócmhainní ag a bhfuil margadh leachtach le haghaidh cineálacha sócmhainní díorthach lamháltas astaíochtaí dá dtagraítear i dTábla 13.2 d'Iarscríbhinn III;';

(4) scriostar pointe (iv);

(c) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) leasaítear pointe (a) mar a leanas:

(1) scriostar pointe (i);

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (vi):

'(vi) gach fochineál sócmhainní a mheastar nach bhfuil margadh leachtach aici le haghaidh chineál sócmhainní na ndíorthach lamháltas astaíochtaí dá dtagraítear i dTábla 13.3 d'Iarscríbhinn III;';

(3) scriostar pointí (vii) agus (viii);

(ii) scriostar pointe (b);

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) an ceann is mó den mhéid trádála ar faoina bun atá céatadán na n-idirbheart a chomhfhreagraíonn don pheircintíl trádála agus an t-íosráta tairsí le haghaidh gach fochineáil sócmhainní a meastar go bhfuil margadh leachtach acu le haghaidh díorthaigh lamháltas astaíochtaí dá bhforáiltear i dTábla 13.2 d'Iarscríbhinn III.';

(d) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) na méideanna ar scála mór i gcomparáid le gnáthmhéid an mhargaidh agus an méid atá sonrach don ionstraim mar a leagtar amach i mír 3.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Chun críocha mhír 1, pointe (b), mír 2, pointe (b), agus mír 3, pointí (c) agus (d), cuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh idirbhearta a fhorghníomhaítear san Aontas idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin.';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Cinnfear méid na trádála chun críoch mhír 2, pointe (b), agus mhír 3, pointí (c) agus (d), ar bhonn an tomhais ar mhéid mar a shonraítear i dTábla 4

d'Iarscríbhinn II. I gcás ina sloinntear méid na trádála a shonraítear chun críocha mhíreanna 2 agus 3 i luach airgeadúil agus nach bhfuil an ionstraim airgeadais ainmnithe in euro, déanfar méid na trádála a chomhshó go dtí an t-airgeadra ina bhfuil an ionstraim airgeadais sin ainmnithe trí ráta tagartha malairte eachtraí euro an Bhainc Ceannais Eorpaigh a chur i bhfeidhm amhail ón 31 Nollaig den bhliain roimhe sin.';

(g) scriostar mír 10;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

'11. I gcás na gcinntí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, aon uair a bheidh an líon idirbheart a bhreithnítear le haghaidh ríomhanna níos lú ná 1 000, ní bheidh feidhm ag mír 2, pointe (b), agus mír 3, pointí (c) agus (d). Sna cásanna sin, beidh feidhm ag na luachanna tairsí a shonraítear i mír 2, pointe (a), agus i mír 3, pointe (a) ina ionad sin.';

(i) i mír 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'Ach amháin nuair a thagraíonn siad do dhíorthaigh lamháltas astaíochtaí, slánófar na ríomhanna dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), agus mír 3, pointe (c), suas go dtí an chéad cheann eile:';

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 14 agus 15:

'14. I gcás díorthaigh chothromais a ligtear isteach chun a dtrádála nó a thrádáiltear den chéad uair ar ionad trádála, nach mbaineann le fochineál ar foilsíodh ina leith an méid atá sonrach don ionstraim airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8(1)(c) agus méid na n-orduithe agus na n-idirbheart ar scála mór i gcomparáid le gnáthmhéid an mhargaidh dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 8(1)(a), agus a bhaineann le ceann de na fochineálacha sócmhainní a shonraítear i mír 1(a)(ii), is éard a bheidh sa mhéid a bhaineann go sonrach leis an ionstraim airgeadais agus méid na n-orduithe agus na n-idirbheart ar scála i gcomparáid le gnáthmhéid an mhargaidh na cinn is infheidhme maidir leis an meánmhéid barúlach laethúil is lú (ADNA) den fhochinéal sócmhainní lena mbaineann an díorthach cothromais.

15. Ionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála nó a thrádáiltear den chéad uair ar ionad trádála nach mbaineann le haon fhochineál ar foilsíodh an méid atá sonrach don ionstraim airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (c), agus méid na n-orduithe agus na n-idirbheart ar scála mór i gcomparáid le gnáthmhéid an mhargaidh dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 8(1), pointe (a), measfar nach bhfuil margadh leachtach acu go dtí go gcuirfear i bhfeidhm torthaí na ríomhanna arna ndéanamh i gcomhréir le mír 17. Is éard a bheidh sa mhéid is infheidhme atá sonrach don ionstraim airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (c), agus i méid na n-orduithe agus na n-idirbheart ar mórscála i gcomparáid le gnáthmhéid an mhargaidh dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 8(1), pointe (a), ná na fochineálacha a gcinntear nach bhfuil margadh leachtach acu a bhaineann leis an bhfochineál sócmhainní.';

(k) scriostar míreanna 18, 19 agus 20;

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

‘*Airteagal 16*

**Oibleagáidí trédhearcachta a chur ar fionraí go sealadach**

(Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

1. I gcás ionstraimí airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith, mar a chinntear ar bhonn na modheolaíochta a leagtar amach in Airteagal 6a le haghaidh bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, agus in Airteagal 13 maidir le díorthaigh, féadfaidh na húdaráis inniúla na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 8, 8a agus 10 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a chur ar fionraí go sealadach, i gcás cineál bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltas astaíochtaí nó díorthach, gur lú an méid iomlán dá dtagraítear i dTábla 4 d’Iarscríbhinn II, arna ríomh don 30 lá féilire roimhe sin, ná 40 % den mheánmhéid míosúil arna ríomh don 12 mhí féilire iomlána roimh na 30 lá féilire sin.

2. I gcás ionstraimí airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith, mar a chinntear ar bhonn na modheolaíochta a leagtar amach in Airteagal 6a le haghaidh bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, agus in Airteagal 13 maidir le díorthaigh, féadfaidh na húdaráis inniúla na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagail 8, 8a agus 10 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a chur ar fionraí go sealadach, i gcás cineál bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltas astaíochtaí nó díorthach, gur lú an méid iomlán dá dtagraítear i dTábla 4 d’Iarscríbhinn II, arna ríomh don 30 lá féilire roimhe sin, ná 20 % den mheánmhéid míosúil arna ríomh don 12 mhí féilire iomlána roimh na 30 lá féilire sin.

3. Cuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh na hidirbhearta a fhorghníomhaítear ar gach ionad san Aontas le haghaidh chineál na mbannaí, na dtáirgí airgeadais struchtúrtha, na lamháltas astaíochtaí nó na ndíorthach lena mbaineann agus na ríomhanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 á ndéanamh acu. Déanfaidh na húdaráis inniúla na ríomhanna sin ar leibhéal an chineáil ionstraimí airgeadais a gcuirtear an tástáil leachtachta a leagtar amach in Airteagal 6a le haghaidh bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, agus Airteagal 13 i dtaca le díorthaigh i bhfeidhm maidir leo.

4. Sula gcuirfidh údaráis inniúla oibleagáidí trédhearcachta ar fionraí, fíoróidh siad nach bhfuil an laghdú mór ar leachtacht i ngach ionad mar thoradh ar éifeachtaí séasúracha an chineáil ábhartha ionstraimí airgeadais maidir le leachtacht.’;

(12) scriostar Airteagail 17 agus 18;

(13) cuirtear Iarscríbhinn I in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(14) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(15) Leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) forghníomhaítear an t-idirbheart faoi threoir praghas a ríomhtar thar roinnt áisc ama bunaithe ar thagarmharc ar leith, lena n-áirítear idirbhearta a dhéantar faoi threoir meánphraghas ualaithe de réir méid nó meánphraghas ualaithe de réir ama, agus sa chás sin, cumhdaítear leis na háisc ama chun praghsanna a ríomh tréimhse atá fada go leor chun a áirithiú nach bhfuil aon ghaol ann le praghas reatha an mhargaidh;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

'(j) ní idirbheart chun críocha Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 é an t-idirbheart, arna chinneadh ar bhonn na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún**, nó is cineál idirbhirt é a liostaítear in Airteagal 13 den Rialachán seo.'

---

** Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun idirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla (IO L 87, 31.3.2017, lch. 449, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/590/oj).';

(2) in Airteagal 3(1), cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'Is iad na mionsonraí a shonraítear i dTábla 1b d'Iarscríbhinn I na mionsonraí réamhthrádála atá le poibliú.';

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Go dtí go gcinnfear an margadh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta d'ionstraim airgeadais shonrach i gcomhréir leis an nós imeachta a shonraítear i míreanna 1 go 3, is ceann díobh seo a leanas an margadh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta:

(a) an margadh rialáilte ina ligtear an ionstraim airgeadais sin isteach chun a trádála den chéad uair nó ina dtrádáiltear den chéad uair í;

(b) I gcás nach gcuirtear an ionstraim airgeadais ar fáil lena trádáil ar mhargadh rialáilte san Aontas, an tsaoráid trádála iltaobhach ina ligtear isteach an ionstraim airgeadais chun a trádála nó ina dtrádáiltear den chéad uair í.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 agus 3 maidir le scaireanna, admhálacha taisclainne, EFTanna, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais eile dá samhail a ligeadh isteach den chéad uair chun a dtrádála nó a trádáladh den chéad uair ar ionad trádála idir an 1 agus an 31 Nollaig den bhliain féilire roimhe sin.';

(c) cuirtear an mhír 6 seo a leanas leis:

'6. Beidh feidhm ag cinneadh an mhargaidh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta a leagtar amach i mír 4 ón lá a ligeadh an ionstraim airgeadais isteach chun a trádála den chéad uair nó a trádáladh den chéad uair í.';

(4) in Airteagal 6, leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) forghníomhaítear an t-idirbheart i ndáil le praghas a ríomhtar thar roinnt áisc ama de réir tagarmharc ar leith, lena n-áirítear idirbhearta a dhéantar faoi threoir meánphraghas atá ualaithe de réir méid nó meánphraghas atá ualaithe de réir ama, trína gcumhdaítear leis na háisc ama chun praghsanna a ríomh tréimhse atá fada go leor chun a áirithiú nach bhfuil aon ghaol ann le praghas reatha an mhargaidh;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

'(j) aon idirbheart eile atá coibhéiseach le ceann díobh sin dá dtagraítear i bpointí (a) go (c) sa mhéid go bhfuil sé ag brath ar shaintréithe teicniúla nach mbaineann le luacháil reatha margaidh na hionstraime airgeadais a thrádáiltear;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

'(k) ní idirbheart chun críocha Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 é an t-idirbheart, arna chinneadh ar bhonn na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún, nó is cineál idirbhirt a liostaítear in Airteagal 13 den Rialachán seo é an t-idirbheart.';

(5) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fomhír:

'Ní bheidh feidhm ag míreanna 3 agus 4 maidir le scaireanna, admhálacha taisclainne, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais eile dá samhail a ligeadh isteach den chéad uair chun a dtrádála nó a trádáladh den chéad uair ar ionad trádála idir an 1 agus an 31 Nollaig den bhliain féilire roimhe sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Sula ndéanfar scair, admháil taisclainne, deimhniú nó ionstraim airgeadais eile dá samhail a thrádáil den chéad uair ar ionad trádála san Aontas, déanfaidh an t-údarás inniúil meastachán ar mheánláimhdeachas laethúil na hionstraime airgeadais sin agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) aon stair trádála a bhí ag an ionstraim airgeadais sin roimhe sin;

(b) ionstraimí airgeadais eile a bhí ann roimhe sin nó atá comhchosúil ón eisitheoir céanna;

(c) ionstraimí airgeadais eile a meastar saintréithe comhchosúla a bheith acu.

Foilseoidh an t-údarás inniúil an meánláimhdeachas laethúil measta sin.';

(6) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) i gcás orduithe seachas orduithe cúlchiste, ní féidir leo idirghníomhú le leasanna trádála eile roimh nochtadh don leabhar orduithe arna oibriú ag an ionad trádála;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Measfar gur ordú teorann é ordú cnoic oighir dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), arb é atá ann ordú nochta a bhaineann le cuid den mhéid agus ordú neamhnochta a bhaineann leis an gcuid eile den mhéid i gcás nach féidir an t-ordú ar an méid neamhnochta a fhorghníomhú ach amháin tar éis an t-ordú ar an méid nochta a fhorghníomhú.’;

(7) in Airteagal 10, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

‘I gcás nach mbeidh aon luachan de mhéideanna coibhéiseacha ann don ionstraim airgeadais chéanna ar an margadh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 4 don ionstraim airgeadais sin, measfar go léiríonn na praghsanna a fhoilseoidh inmheánaitheoir córasach dálaí an mhargaidh san am i gcás ina mbeidh siad gar do phraghsanna luachana de mhéideanna coibhéiseacha don ionstraim airgeadais chéanna ar ionaid trádála seachas an margadh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta mar a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 4.’;

(8) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cinnfear méid caighdeánach an mhargaidh le haghaidh scaireanna, admhálacha taisclainne, ETFanna, deimhnithe, agus ionstraimí airgeadais eile dá samhail a bhfuil margadh leachtach ann ina leith ar bhonn mheánluach na n-idirbheart do gach ionstraim airgeadais arna ríomh i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 agus i gcomhréir le Tábla 3 agus Tábla 3a d’Iarscríbhinn II.’;

(9) cuirtear na hAirteagail 11a agus 11b seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 11a*

**Méid luachana faoina bhfuil feidhm ag na ceanglais trédhearcachta réamhthrádála faoi Airteagail 14, 15, 16 agus 17 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014**

(Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

An oibleagáid luachana daingne a phoibliú i dtaca le scaireanna, le hadmhálacha taisclainne, le ETFanna, le deimhnithe agus le hionstraimí airgeadais eile dá samhail, beidh feidhm aici maidir le hinmheánaitheoirí córasacha nuair a dhéileálfaidh siad i méideanna suas le dhá oiread mhéid caighdeánach an mhargaidh mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 11.

*Airteagal 11b*

**Íosmhéid luachana**

(Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

An t-íosmhéid luachana le haghaidh scaire, admháil taisclainne, ETF, deimhnithe, nó ionstraim airgeadais eile dá samhail a thrádálfar ar ionad trádála, beidh sé cothrom le méid caighdeánach an mhargaidh mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 11.’;

(10) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Oibreoirí margaidh agus gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu, agus gnólachtaí infheistíochta a thrádálann lasmuigh d'ionad trádála, poibleoidh siad mionsonraí gach idirbhirt trí Tháblaí tagartha 2, 3 agus 4 d'Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm.

Poibleofar na hainmneacha réimse i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I trí úsáid a bhaint as na gnásanna ainmniúcháin céanna a shonraítear in aitheantóir réimse an Tábla sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás ina gcuirfear tuarascáil trádála a foilsíodh roimhe sin ar ceal, déanfaidh oibreoirí margaidh agus gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu, agus gnólachtaí infheistíochta a thrádálann lasmuigh d'ionad trádála, tuarascáil trádála nua a phoibliú ina mbeidh mionsonraí uile na tuarascála trádála bunaidh agus na brataí cealaithe a shonraítear i dTábla 4 d'Iarscríbhinn I.';

(c) scriostar míreanna 5 agus 6;

(11) in Airteagal 13, cuirtear an pointe (b) seo a leanas leis:

'(b) idirbhearta tarscaoilte, ar aon cheann de na hidirbhearta seo a leanas iad:

(i) idirbheart ina gcuireann gnólacht infheistíochta trádáil cliaint ar aghaidh chuig gnólacht infheistíochta eile, nó ina bhfaigheann sé trádáil cliaint ó ghnólacht infheistíochta eile le haghaidh próiseáil iarthrádála;

(ii) idirbheart ina ndéanann gnólacht infheistíochta a bhfuil trádáil á forghníomhú aige, an trádáil sin a chur ar aghaidh chuig gnólacht infheistíochta eile nó ina bhfaigheann sé ó ghnólacht infheistíochta eile í chun an suíomh a bhfuil sé geallta aige dul isteach ann le cliant a fhálú.';

(12) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I gcás ina ndéanfar idirbheart idir dhá ghnólacht infheistíochta a fhorghníomhú lasmuigh de rialacha ionaid trádála, is é údarás inniúil an ghnólachta infheistíochta atá freagrach as an trádáil a phoibliú trí APA i gcomhréir le hAirteagal 21a(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a bheidh san údarás inniúil chun an córas iarchurtha is infheidhme a chinneadh.';

(13) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'Faoin 1 Márta gach bliain tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh na húdaráis inniúla agus ESMA, i ndáil le gach ionstraim airgeadais arb iad an t-údarás inniúil iad ina leith, na sonraí a bhailiú, na nithe seo a leanas a ríomh agus a áirithiú go bhfoilseofar iad:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) meánluach na n-idirbheart chun méid caighdeánach an mhargaidh a leagtar amach in Airteagal 11(2) agus na tairseacha a leagtar amach in Airteagail 11a agus 11b a chinneadh.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Úsáidfidh údaráis inniúla, oibreoirí margaidh, agus gnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu, an fhaisnéis a fhoilsítear i gcomhréir le mír 1 chun críocha Airteagal 4(1), pointí (a) agus (c), agus Airteagal 14(2), (3) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, le haghaidh na tréimhse idir an chéad Luan de mhí Aibreáin na bliana ina bhfoilsítear an fhaisnéis agus an lá roimh an gcéad Luan de mhí Aibreáin na bliana ina dhiaidh sin.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. I gcás ina sloinntear méid na trádála arna chinneadh chun críocha Airteagal 7(1) agus (2), Airteagal 8(2), pointe (a), Airteagal 11(1), Airteagail 11a agus 11b, agus Airteagal 15(1) i luach airgeadúil agus nach bhfuil an ionstraim airgeadais ainmnithe in euro, comhshófar méid na trádála go dtí an t-airgeadra ina n-ainmnítear an ionstraim airgeadais trí ráta tagartha malairte eachtraí euro an Bhainc Ceannais Eorpaigh a chur i bhfeidhm amhail ón 31 Nollaig den bhliain roimhe sin.';

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

'*Airteagal 19*
**Clásal éagtha**

Ní bheidh feidhm a thuilleadh ag Airteagal 17(6) ná ag Iarscríbhinn IV ón 1 Eanáir 2026 agus ní bheidh feidhm a thuilleadh ag Airteagal 17(5) ná ag Iarscríbhinn III ón 1 Eanáir 2027.';

(15) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(16) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

*Airteagal 3*
**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, Airteagal 2, pointe (2), pointí (3)(a) agus (c), pointe (5), pointe (10)(a), agus pointe (13) ón 2 Márta 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18.6.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*